# Ní Oireann an Toise Céanna do Chách

## Tuarascáil ar chosc ar fhóin i scoileanna agus cearta leanaí le Painéal Comhairleach Óige OCO – *Leagan Cairdiúil don Aos Óg*

**Meán Fómhair 2025**



ombudsman
do leanaí
for children



# Réamhrá

Tá fóin ina gcuid mhór de shaol daoine óga. Is é sin an dóigh a ndéanann siad cumarsáid le chéile agus a choinníonn siad i dteagmháil lena dteaghlaigh, chomh maith le hábhar a roinnt ar na meáin shóisialta. An gcreidfeá go bhfuil fón cliste ag thart ar 97% de leanaí idir 12 agus 14 bliana d'aois agus ag 49% de leanai idir 8 agus 12 bliana d'aois in Éirinn[1]?

Tá an teicneolaíocht ag athrú go han-tapa. Agus mar sin ní haon aontas go bhfuil imní ar thuismitheoirí, ar scoileanna agus ar lucht déanta beartas faoin tionchar atá ag fóin agus na meáin shóisialta ar leanaí.

In 2024, d'fhógair Rialtas na hÉireann go gcuirfí cosc ar fhóin i scoileanna.

Tá imní ar Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO), áfach, nár cuireadh cearta leanaí, lena n-áirítear a gceart chun éisteachta, san áireamh nuair a rinneadh an cinneadh sin.

Chinneamar go n-iarrfaimis a dtuairimí ar Phainéal Comhairleach Óige (YAP) de chuid OCO, ós rud é nár raibh leanaí páirteach sa chomhrá sa chomhrá sin i ndáiríre go dtí seo.

Bhí 29 ball de Phainéal Comhairleach Óige OCO páirteach. Is as Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin, Liatroim, Maigh Eo, Gaillimh, Loch Garman, Corcaigh, Luimneach, Dún na nGall, an Cabhán agus Uíbh Fhailí dóibh. Tagann ár YAP ó chúlraí éagsúla.

D'fhiafraíomar an méid seo a leanas de YAP:

1. An tionchar atá ag an gcosc ar fhóin i scoileanna ar chearta leanaí.
2. A n-eispéireas féin ar chosc ar fhóin i scoileanna.
3. Conas ba chóir rialacha a fhorbairt ina scoileanna.
4. Cad é an chéad rud eile ba cheart a dhéanamh dar leo.

1 CyberSafeKids (2024), *Left To Their Own Devices: The virtually unprotected lives of kids in Ireland. Trends and Usage Report Academic Year 2023-2024*, lch. 4.

## Cad iad na cearta leanaí a dtéann an cosc ar fhóin i gcion orthu?

Comhaontú idirnáisiúnta is ea Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), atá sínithe ag Éirinn cheana féin, ina liostaítear na cearta uile atá ag leanaí. Nuair atáthar ag smaoineamh ar chosc a chur ar fhóin, is iad seo a leanas na príomhchearta ba chóir a chur san áireamh.

- **Neamh-idirdhealú (Airteagal 2)** – ba cheart do thíortha idirdhealú a laghdú nó deireadh a chur leis, lena n-áirítear tacaíocht bhreise a sholáthar do leanaí a bhfuil cuidiú de dhíth orthu leas comhionann a bhain as a gcearta.
- **Leas an linbh (Airteagal 3)** – tá sé de cheart ag gach leanbh go gcuirfí a leas san áireamh mar phríomhbhreithniú.
- Beatha, marthanacht agus forbairt (Airteagal 6) - ba cheart do thíortha marthanacht agus forbairt leanaí a chinntiú agus ciallaíonn sé sin gach réimse forbartha.
- **Tuairimí leanaí (Airteagal 12)** – tá sé de cheart ag gach leanbh a dtuairimí a chur in iúl agus go ndéanfar na tuairimí sin a bhreithniú i gceart.
- **Cumais forbartha leanaí (Airteagal 5)** – tá cearta ag leanaí is cuma cén aois iad. De réir mar a fhásann leanaí, ba chóir go mbeidís ábalta a gcearta a fheidhmiú go neamhspleách.
- **Saoirse cainte (Airteagal 13)** – cuidíonn fóin le cumas leanaí iad féin a chur in iúl sa timpeallacht dhigiteach, smaointe agus tuairimí a roinnt.
- **Rochtain ar fhaisnéis (Airteagal 13 agus Airteagal 18)** – tugann fóin deis do leanaí a bheith níos eolaí agus rochtain a fháil ar chineálacha éagsúla meán agus peirspictíochtaí.
- **Cosaint ar dhíobháil (Airteagal 19)** – tá sé de cheart ag leanaí a bheith cosanta ar ábhar mídhleathach agus díobhálach atá ar fáil ar líne.
- **An caighdeán sláinte is airde agus is féidir a bhaint amach (Airteagal 24)** – le fóin, cuirtear bealach éasca ar fáil chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí sláinte ach cuirtear rioscaí i láthair leo freisin do mheabhairshláinte leanaí.
- **Oideachas (Airteagal 28 agus 29)** – le fóin, soláthraítear deiseanna chun foghlaim ar líne, scileanna litearthachta digití a fhorbairt agus rochtain a fháil ar fhaisnéis atá úsáideach d'obair scoile.
- **Súgradh (Airteagal 31)** – tá sé de cheart ag leanaí súgradh, scíth a ligean agus páirt a ghlacadh i gcultúr agus in ealaín, agus is féidir tacú leis sin trí aipeanna fóin agus rochtain ar an Idirlíon.

Le caighdeáin ceart leanaí agus taighde ar chosc ar fhóin, léirítear nach mór dúinn bogadh thar chaint faoi chosc agus cur chuige níos iomlánaíche a ghlacadh i leith ábhair imní faoi úsáid fón, i scoileanna agus lasmuigh de gheataí na scoile araon.

## An méid a dúirt YAP faoi chosc ar fhóin

- **Téann cosc i gcion ar ár gcearta:** Tá a fhios againn go bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith ag fóin ar ár gcearta, ach tá níos mó ná sin i gceist leis. Ní chuireann cosc ar fhóin an dá thaobh den scéal san áireamh agus d'fhéadfadh tionchar chomh dona céanna a bheith acu ar ár gcearta.
- **Tá gach scoil difriúil:** Tá na rialacha difriúil i ngach scoil. I gcuid dár scoileanna, níl na rialacha chomh dian sin. I scoileanna eile, tá pionós á chur ar na scoláirí agus tá siad ag íoc airgid as a gcuid fón a fháil ar ais.
- **An cheart chun cead cainte:** Níl daoine fásta ag iarraidh ár dtuairimí orainn agus na rialacha sin á ndéanamh acu, cé go bhfuil sé de cheart againn go n-éistfí linn
- **Leanaí d'aoiseanna éagsúla:** B'fhéidir nach mbeadh a bhfóin de dhíth ar leanaí ar an mbunscoil a oiread agus a bheadh siad de dhíth ar scoláirí meánscoile, go háirithe déagóirí níos sine. Ba chóir do dhaoine fásta na difríochtaí sin a chur san áireamh agus rialacha á ndéanamh acu.
- **An oibríonn cosc fiú?** Tá go leor daoine óga ag teacht ar bhealaí chun dul timpeall ar chosc. Nuair nach mbíonn páirt againn i rialacha maidir le fóin a dhéanamh, is mó an seans go mbrisfimid na rialacha.
- **Táimid ag maireachtáil i ndomhan digiteach:** Tá ár scoileanna ag baint úsáid as teicneolaíocht don oideachas agus ba mhaith linn scileanna digiteacha a fhorbairt dár dtodhchaí.
- **Tá fadhbanna níos mó ann:** Ba mhaith linn beartais níos láidre maidir le frithbhulaíocht, oideachas ar chomhionannas agus ar mheas, ceachtanna litearthachta digití, agus níos mó infheistíochta i scoileanna agus i seirbhísí sláinte a fheiceáil. Thar aon rud eile, ba mhaith linn a bheith san áireamh i gcomhráite faoi réitigh atá in ainm tacú linn.

# Cad a deir daoine óga...

“Tá múinteoir amháin ag screadach ort mar go bhfuil fón agat, agus múinteoirí eile ag scrollú ar fhón.”

“Ag déanamh amach gur bagairt é nuair is rud é a bhféadfaimis oiriúnú dó.”

“ná habair liom brath ar m’fhón ach gan ligean dom é a úsáid ansin.”

“Tá fadhbanna eile againn sa saol seachas cosc. Tá fadhbanna i bhfad níos measa ná fóin againn.”

“Más é bulaíocht agus cosaint leanaí ceann de na réasúnaíocht atá le cosc a chur ar fhón, teastaíonn rialacha frithbhulaíochta níos fearr uait.”



“Díríonn daoine fásta ar an rud is measa nuair is gá dóibh cothromaíocht a aimsiú i ndáiríre.”

“Tá teicneolaíocht mar chuid den todhchaí, ba chóir go mbeadh sí mar chuid dár n-oideachas.”

“Níl a fhios agam cá as a dtagann na rialacha.”

“Tá an duine atá ag déanamh na rialacha aineolach.”



"Tá easpa éagsúlachta ann maidir leis na guthanna a chloistear sna cinntí sin."

"Níor chóir go mbeadh cosc iomlán ann."

"Tá sé ag dul thar fóir beagáinín é a bhaint díobh go hiomlán."

"Sílim go bhfuil cosc iomarcach."

"Is féidir linn bacairí seirbhíse a sheachaint le VPNanna saor in aisce."

"Is féidir an fócas ar oideachas a chailleadh. D'fhéadfadh sé aird a bhaint."

"D'oibreodh sé seo ar fad dá mbeadh ciall ag daoine: ná húsáid sa rang é, bain úsáid as ag am sosa amháin."

"Ní mharóidh sé thú mura bhfuil tú ar d'fhón."

"Cur amú airgid agus tá sé thar am é a athchóiriú."



“Úsáidim é chun breathnú ar mo chlár ama. Má úsáidimid píosa páipéir, caillfimid é 3 lá i ndiaidh thús na bliana.”

“Is faoi thuismitheoirí atá sé cinneadh a dhéanamh, ní faoin rialtas.”

“D’fhéadfadh daoine nach labhraíonn le duine ar bith, nó nach bhfuil mórán cairde acu, a bhfón a úsáid agus má bhaintear uathu é, baintear ar shiúl ó sin.” B’fhéidir go mbeadh siad ag éisteacht le ceol ag am lóin. Ba chóir go mbeadh cead acu.”

“Ní féidir leat am a chur ar éigeandáil!”

“Tá scoláirí ag caitheamh ama sa seomra folctha ar a bhfóin i mbunscoileanna.”

“Ní raibh baint againn leis na rialacha a fhorbairt. Cuireadh na rialacha in iúl dúinn ag tús na bliana díreach agus bhíothas ag súil go leanfaimis iad.”

“Bain de scoláirí na chéad bhliana é! Bíonn ceol ag réabadh ón gcuid fón agus ríomhairí glúine ag go leor den chéad bhliain!”

“Tá sé mar a bheadh deachtóireacht ann!”





# Moltaí YAP

1. Ná cuir cosc iomlán ar fhóin i scoileanna. Smaoinigh ar an tionchar ar chearta leanaí, go háirithe an ceart chun cead cainte, chomh maith le héagsúlacht scoileanna agus scoláirí aonair agus rialacha maidir le fóin á ndearadh.

2. Déan níos mó a infheistiú in acmhainní don fhoghlaim dhigiteach agus i scoileanna a fheabhsú, in ionad púitsí fón.

3. Déan tuilleadh taighde agus cuir an taighde sin in iúl do dhaoine óga ar bhealach a thacaíonn le leanaí, ionas go dtuigfidh siad an fhianaise atá taobh thiar de na cinntí atá á ndéanamh.

4. Dear cuir chuige éagsúla maidir le rialacha fón ag brath ar aois agus leibhéil aibíochta leanaí.

5. Déan an tacaíocht, oideachas agus feasacht a mhéadú do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do dhaoine fásta eile chun tuiscint níos fearr a fháil ar an teicneolaíocht agus chun tacú ar bhealach níos fearr leis na scoláirí agus iad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá rompu.

**Ombudsman for Children's Office**
Millenium House
52–56 Great Strand Street
Dublin 1
D01 F5P8

**T:** 01 865 6800
**F:** 01 874 7333
**E:** oco@oco.ie
**www.oco.ie**
@OCO_Ireland